



An Coimisiún
Eorpach

AN DÓIGH A GCABHRAÍONN AN TAONTAS
EORPACH LEIS AN GCOMHRAC I GCOINNE

IDIRDHEALÚ

SAN ÁIT OIBRE



**TÁ CEARTA
AGAT**

#EUvsDiscrimination

**AN DÓIGH A GCABHRAÍONN
AN TAONTAS EORPACH LEIS AN GCOMHRAC I GCOINNE**

IDIRDHEALÚ **SAN ÁIT OIBRE**



IDIRDHEALÚ SAN ÁIT OIBRE A CHOMHRAC

San Aontas Eorpach, cuirtear cosc ar an idirdhealú san áit oibre bunaithe ar aois, gnéas, míchumas, bunadh eitneach nó ciniúil, reiligiún nó creideamh, nó gnéaschlaonadh.

Leagann reachtaíocht an Aontais Eorpaigh íosleibhéal chosanta amach do gach duine atá ag obair san Aontas. Tá tú i dteideal cóir chomhionann maidir le hearcaíocht, dálaí oibre, ardú céime, pá, rochtain ar ghairmoiliúint, pinsin ghairme agus dífhostú.

TÁ AN ILIOMAD CINEÁLACHA IDIRDHEALAITHE SAN ÁIT OIBRE ANN

Mar shampla, nuair a chaitheann fostóir níos measa le duine amháin ná le duine eile i gcás inchoimparáide de réir na bhforas thuasluaite, agus foirmeacha ciaptha lena bhféadfaí daoine a imeaglú nó a mhaslú.

Tá tuilleadh eolais faoin rud is idirdhealú ann le fáil ar ec.europa.eu/social/euvvsdiscrimination

MEASANN DUINE AS GACH OCHTAR saoránach den Aontas go bhfuil sé mar chuid de ghrúpa atá i mbaol idirdhealaithe

Eorabharaiméadar Speisialta 437

CAD ATÁ Á DHÉANAMH AG AN AONTAS EORPACH?

BÉIM AR AN BHFREASTAL RÉASÚNTA AR DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Is é is freastal réasúnta ann aon athrú ar thimpeallacht oibre is gá a dhéanamh le cur ar chumas duine atá faoi mhíchumas a phost a dhéanamh, dul chun cinn a dhéanamh sa phost agus/nó dul faoi oiliúint.

Is féidir leat freastal réasúnta a iarraidh má tá míchumas ort agus má chreideann tú gur gá athruithe a dhéanamh ar d'áit oibre.

D'fhéadfadh na cineálacha freastail seo a leanas a bheith i gceist le freastal réasúnta:

- ▶ ardaitheoirí nó rampaí a shuiteáil;
- ▶ trealamh oifige a chur ar an airde chuí;
- ▶ méadaitheoirí scáileáin ríomhaire a shuiteáil;
- ▶ uaireanta oibre solúbtha nó teilea-oibriú a sholáthar;
- ▶ bearta ardaithe feasachta a dhéanamh le baill foirne.

Tá cuid de na dlíthe frith-idirdhealaithe is fairsinge ar domhan ag an Aontas Eorpach

Tá prionsabal an chomhionannais ann ó síníodh conradh bunaidh an Aontais, Conradh na Róimhe, in 1957 agus is é is aidhm dó pá comhionann as obair chomhionann a chinntiú idir fir agus mná.

In imeacht na mblianta, tá dlíthe éagsúla achtaithe ag an Aontas i gcoinne an idirdhealaithe agus tá a lán breithiúnas tugtha ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tá feidhm ag dlíthe seo an Aontais maidir le gach caidreamh idir fostóir agus oibrí, caidrimh lena bhfuil baint ag gnólachtaí, comhlachais agus údaráis phoiblí san áireamh.

#EUvsDiscrimination

▶ AN DÓIGH LE DO CHEARTA A FHORFHEIDHMIÚ

Má mheasann tú go ndearnadh idirdhealú ort, is féidir leat do chás a chur faoi bhráid na n-údarás náisiúnta agus na gcúirteanna náisiúnta.

Ina theannta sin, má tá cabhair agus comhairle uait faoin dóigh leis an dlí a fhorfheidhmiú, is féidir leat sin a lorg ó chomhlachtaí comhionannais náisiúnta, a bhfuil ceangal orthu i ngach Ballstát cúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh idirdhealaithe.

Tá tuilleadh eolais faoi do chearta agus faoin dóigh lena bhforfheidhmiú le fáil ar ec.europa.eu/social/euvsdiscrimination

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019

© An tAontas Eorpach, 2019

Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil. Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Grianghraif: ©Shutterstock & ©iStock

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

